# Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2011

**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2012**
**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta), 2004-2011**

## FÓGRA MAIDIR LE hATHRUITHE ÁBHARTHA BEARTAITHE AR DHRÉACHTPHLEAN FORBARTHA CHONTAE NA MÍ 2013-2019

Tugtar fógra leis seo go bhfuil rún glactha ag Comhaltaí Chomhairle Contae na Mí, tar éis dóibh Dréachtphlean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019 agus Tuarascáil an Bhainisteora a bhreithniú i ndáil le haighneachtaí a fuarthas, i gcomhréir le hAlt 12 (7) de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2011, go ndéanfar an Dréachtphlean Forbartha a leasú. Athrú ábhartha ar Dhréachtphlean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019 a bheidh sna leasuithe atá beartaithe.

De réir na Treorach maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (2001/42/CE) agus na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta), 2004-2011, ullmhaíodh Tuarascáil Timpeallachta le gabháil le Dréachtphlean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019 **agus Measúnú Iomchuí, de bhun Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE.** Rinneadh measúnú ar na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheadh ar an timpeallacht, dá gcuirfí na hathruithe ábhartha i ngníomh.

Beidh cóip de na hAthruithe Ábhartha beartaithe ar Dhréachtphlean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019, mar aon leis an gcinneadh de réir Alt 12 (7) (aa) agus an fhaisnéis ar na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheadh ar an timpeallacht dá gcuirfí na hAthruithe Ábhartha beartaithe i ngníomh, ar fáil don phobal lena n-iniúchadh ón Aoine, 12 Deireadh Fómhair go dtí Déardaoin, 8 Samhain 2012 le linn gnáthuaireanta oscailte sna háiteanna seo a leanas:

- An Rannóg Pleanála, Meal na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, an Uaimh, Co. na Mí, Luan go hAoine idir 9.30 r.n. agus 1.00 i.n. agus idir 2.00 i.n. agus 4.00 i.n.

- Na hOifigí Ceantair seo a leanas le linn gnáthuaireanta oscailte oifige:-

  - Comhairle Baile Cheanannais, Halla an Bhaile, Plás Cheanannais, Ceanannas
    9.30 r.n. – 1.00 i.n. & 2.00 i.n. – 5.00 i.n. (5.30 ar an Luan)
  - Comhairle Baile na hUaimhe, Halla an Bhaile, Sráid Gheata an Uisce, an Uaimh
    9.30 r.n. – 1.00 i.n. agus 2.00 i.n. – 5.00 i.n. (5.30 ar an Luan)
  - Oifig Cheantair Dhamhliag, an tSráid Mhór, Damhliag
    9.30 r.n. – 1.00 i.n. agus 2.00 i.n. – 5.00 i.n. (5.30 ar an Luan)
  - Oifig Cheantair Dhún Seachlainn, Bóthar Dhroim Rí, Dún Seachlainn
    9.30 r.n. – 1.00 i.n. agus 2.00 i.n. – 5.00 i.n. (5.30 ar an Luan)
  - Oifig Cheantair Bhaile Átha Troim, Teach Mornington, Bóthar Chnoc an Línsigh, Baile Átha Troim
    9.30 r.n. – 1.00 i.n. agus 2.00 i.n. – 4.45 i.n. (5.15 ar an Luan)

Na Leabharlanna Poiblí seo a leanas le linn uaireanta oscailte na leabharlainne:-

- Leabharlann Bhrainse Chill Dhéagláin, 1-2 Plás Chill Dhéagláin, Cill Dhéagláin.
- Leabharlann Bhrainse Bhaile Átha Buí, an tSráid Mhór, Baile Átha Buí.
- Leabharlann Bhrainse Dhamhliag, an tSráid Mhór, Damhliag.

- Leabharlann Bhrainse Dhún Búinne, Radharc an Chaisleáin, Dún Búinne.
- Leabharlann Bhrainse Dhún Seachlainn, an Phríomhshráid, Dún Seachlainn.
- Leabharlann Bhrainse Cheanannais, Sráid an Chaisleáin, Ceanannas.
- Leabharlann Chontae na Mí / Leabharlann Bhrainse na hUaimhe, Sráid an Bhóthair Iarainn, an Uaimh.
- Leabharlann Bhrainse na hOibre, an Obair.
- Leabharlann Bhrainse an tSeanchaisleáin, Bóthar Shruthán an Mhuilinn, an Seanchaisleán.
- Leabharlann Bhrainse Ráth Chairn, Ráth Chairn.
- Leabharlann Bhrainse Bhaile Shláine, Cnoc an Chaisleáin, Baile Shláine.
- Leabharlann Bhrainse Bhaile Átha Troim, an tSráid Ard, Baile Átha Troim.

Tá na hAthruithe Ábhartha beartaithe ar Dhréachtphlean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019 le fáil freisin ar láithreán Gréasáin Chomhairle Contae na Mí, www.meath.ie.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, déan teagmháil leis an Rannóg um Pleanáil Chun Cinn ag na huimhreacha seo a leanas: 046 – 9097566/9097518/9097520 / 9097513.

Iarrtar ar bhaill den phobail agus ar gach páirtí leasmhar eile aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn a chur isteach maidir leis na hAthruithe Ábhartha beartaithe ar Dhréachtphlean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019, an cinneadh de réir Alt 12 (7) (aa) agus an Tuarascáil Timpeallachta. Ba cheart '***Athruithe Ábhartha Beartaithe ar Dhréachtphlean Forbartha Chontae na Mí 2013/2019'*** a mharcáil ar aighneachtaí nó ar thuairimí i scríbhinn, agus ba cheart iad a chur isteach chuig an ***Rannóg Pleanála, Comhairle Contae na Mí, Meal na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, an Uaimh, Co. na Mí idir an Aoine, 12 Deireadh Fómhair 2012, agus Déardaoin, 8 Samhain 2012, agus an dá dháta sin san áireamh. Ní foláir nó go mbeadh na tuairimí agus na haighneachtaí faighte faoi 4.00 i.n. ar an Déardaoin, 8 Samhain 2012.***

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn a dhéanamh freisin ach ríomhphost a sheoladh chuig countydevelopmentplan@meathcoco.ie. **Ní mór** ainm iomlán agus seoladh poist iomlán an duine a bhfuil an aighneacht á déanamh aige/aici a bheith sa ríomhphost, mar aon le hainm an chomhlachta nó na heagraíochta a bhfuil an duine sin ag gníomhú thar a c(h)eann nuair is ábhartha sin.

Cuirfear gach aighneacht agus tuairim a gheofar laistigh den tréimhse ama thuasluaite san áireamh sula ndéanfar Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019.

**An tUasal Michael Griffin,**
**Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach,**
**An Rannóg Pleanála & Iompair**